



Polasaí ar Mhí-Usáid Substaintí

Baineann an polasaí seo le: scoláirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, foireann teagaisc agus bainistíocht na scoile chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh/Ros Comáin.

Reamhrá

Don pholasaí seo, bainfear usáid as an téarma 'substaintí' chun tagairt a dhéanamh do shubstaintí ar nós drugaí, tobac, alcól nó substaint ar bith eile a dhéanadh dochar do scoláirí na scoile.

Aidhm an Pholasaí

- Is í aidhm an pholasaí seo ná eolas a chur ar fáil do scoláirí agus pobal uilig na scoile ar shubstaintí atá contúirteach don sláinte agus a chinntiú go bhfuil rialacha soiléire ar fáil chun tabhairt faoi mhí-usaid substaintí sa scoil.

Nóta: Ciallaíonn scoil sa gcás seo timpeallacht na scoile féin agus aon imeacht nó ócáid taobh amuigh den scoil ina bhfuil na scoláirí páirteach iontu.

- Tá sé i gceist chomh maith freagracht a chothú i measc scoláirí.

Ábhar an pholasaí

- Eolas faoina contúirtí a bhaineann le hábhair mhídhleathacha agus dainséaracha a thabhairt do na scoláirí agus an bhéim a chur ar shaol shláintiúil.
- Déanfar é seo sa rang O.S.P.S agus tabharfar cuireadh do aoi-chainteoirí i rith na bliana chuig na scoile chun plé a dhéanamh ar na topaicí seo.

Feidhmiú an pholasaí i dtaobh mhí-usáid substaintí

1. Tá cosc ar chaitheamh tobac sa scoil, i dtimpeallacht na scoile agus ar ocáidí (turais msh) a eagraíonn an scoil do na scoláirí.
2. Tá cosc ar scoláirí a bheith i seilbh alcól nó é a ól sa scoil nó le linn ocáidí scoile.
3. Tá cosc ar scoláirí substaintí mhí-dhleathacha nó aon substaintí eile a d'fhéadfadh a bheith contúirteach don sláinte a úsáid sa scoil nó ar ócáid scoile nó iad a bheith ina seilbh.

Ar mhaithe le cosaint chuile dhuine i bpobal na scoile agus i gcás go sáraítear an rial i leith mhí-usáid substaintí, pléifear leis mar seo a leanas.

1. Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas chomh luath is a féidir.
2. Bainfear an t-ábhar mhí-dhleathach nó dainséarach den scoláire.
3. Déanfar taifead do chuile mhí-usáid shubstaintí.
4. I gcásanna ina soláthraítear drugaí mídhleathacha nó ina mbíonn siad i seilbh scoláire, is é polasaí na scoile ná na Gardaí a chur ar an eolas. Iarrfar comhairle ar na Gardaí freisin i gcásanna eile más gá.
5. Bainfear úsáid as Cód Iompar na scoile chun deiléail le cásanna mí-usáid substaintí. Féachfar ar sárú an riail mar ghníomh tromchúiseach.
6. Cuirfear an Bord Bainistíochta agus/nó Bord Oideachais & Oiliúna Gaillimh agus Ros Comáin ar an eolas más eachtra tromchúiseach atá i gceist.
7. Beidh ceart achomhairc i leith fionraíocht nó dibírt ag gach scoláire mar atá leagtha amach i gCód Iompair na scoile.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag tús an scoilbhliain 2019/20 nó níos tuisce más gá.

Faofa ag Bord Bainistíochta Choláiste na bPiarsach, Rosmuc.....

Siniú:.....

Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta

